NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10325 – KRONOSPAN / PFLEIDERER POLSKA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 87/03)

1. Fuair an Coimisiún fógra an 15 Feabhra 2022 faoi chomhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Kronospan Holdings P.L.C ("Kronospan", an Chipir),

— Pfleiderer Polska sp. z.o.o ("Pfleiderer Polska", an Pholainn), ar de Ghrúpa Pfleiderer é.

Gheobhaidh Kronospan rialú Pfleiderer Polska ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir agus soláthróir painéal adhmadbhunaithe agus a dtáirgí breisluacha próiseáilte breise é Kronospan. Eadhon, déanann Kronospan an méid seo a leanas a mhonarú agus a dháileadh: cáithnínchlár amh agus brataithe (dá ngairtear PB go comhpháirteach), clár snáithíneach meándlúis (MDF), clár snáithíneach ard-dlúis (HDF) lena n-áirítear HDF tanaí agus laicearaithe (T-HDF agus L-HDF), cuntair oibre (eilimintí/comhpháirteanna iarfhoirmithe, le chéile Comhpháirteanna), urláir lannáin, lannáin maisiúla, agus clár sliseog treoshuite,

— Is monaróir agus soláthróir de réimse adhmad a ndearnadh innealtóireacht air agus táirgí dromchla críochnaithe, eadhon PB, T-HDF agus L-HDF agus Comhpháirteanna, é Pfleiderer Polska.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10325 – KRONOSPAN / PFLEIDERER POLSKA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË